# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Ceacht 1: Caidrimh agus Coimhlint Teaghlaigh

Baineann an ceacht seo leis an phríomhcharachtar sa scannán, Jack, buachaill sna déaga atá 15 bliana d'aois. Bhí sé ina chónaí lena mháthair agus lena athair ach tá sé ina chónaí lena sheanathair anois mar tá fadhb ólacháin ag a mháthair agus tá a athair sa phríosún. Déanann na daltaí fiosrú ar chaidrimh theaghlaigh agus ar an fhéidearthacht déileáil le coimhlint sa bhaile agus ar imeacht chun cónaí le seantuismitheoir.

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Réamhfhoghlaim** | Ba chóir go mbeadh réamheolas agus réamhthuiscint ag na daltaí ar na rudaí seo:<br>• saoránacht ghníomhach;<br>• ceartas agus dlíthiúlacht; agus<br>• cearta an duine agus cearta leanaí. |
| **Torthaí Foghlama** | Beidh na daltaí ábalta:<br>• coimhlint sa bhaile a phlé;<br>• smaoineamh ar dhaoine eile agus ceisteanna cuí a chur orthu; agus<br>• úsáid éifeachtach a bhaint as dealbha céarach, diancheistiú, tableau, caolsráid coinsiasa agus tobchumadóireacht. |
| **Fócas ar Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** | Beidh deiseanna ag na daltaí forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>**Bheith Cruthaitheach**<br>• Úsáid a bhaint as dealbha céarach, tableau, léiriú pearsan (rianú smaointe) agus caolsráid coinsiasa<br>• Tobchumadóireacht a úsáid<br>**Ag Obair le Daoine Eile agus Féinbhainistíocht**<br>• Bheith ag obair ina bpéirí agus i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar<br>• Meas a léiriú ar thuairimí agus ar dhearcadh daoine eile, a bheith ábalta teacht ar chomhaontú, a bheith ábalta comhréiteach a dhéanamh agus aiseolas a thabhairt agus freagairt go dearfach d'aiseolas<br>**Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht**<br>• Cinntí a dhéanamh agus a chosaint<br>• A bheith ábalta tuairimí pearsanta a phlé agus cúiseanna fóirsteanacha a lua leo. |
| **Dearcadh agus Meon** | Spreagfar na daltaí le forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>• A bheith oscailte i leith smaointe nua<br>• Solúbthacht: a bheith solúbtha le linn cur chuige drámaíochta níos praiticiúla a úsáid<br>• Meas: dearcadh níos comhbháiche agus níos measúla a thaispeáint i leith daoine eile. |
| **Áiseanna** | Spás oscailte sa tseomra ranga<br>Scannán agus script de 'A Stone's Throw'<br>Sainmhínithe ar dhealbha céarach, diancheistiú, léiriú pearsan agus caolsráid coinsiasa |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Straitéisí teagaisc agus foghlama molta

| Céim an Cheachta | Straitéisí teagaisc agus foghlama molta | |
|---|---|---|
| **Lainseáil** | • Taispeáin an scannán 'A Stone's Throw' do na daltaí.<br>• Iarr ar na daltaí na táblaí agus na cathaoireacha a bhogadh go dtí na taobhanna le spás a réiteach i lár an tseomra ranga agus seasamh i gciorcal.<br>• Déan plé ranga a threorú agus nodcheisteanna mar seo in úsáid:<br>– *Cad é mar a thosaíonn coimhlint sa bhaile de ghnáth?*<br>– *Cé a bhíonn bainteach le coimhlint teaghlaigh de ghnáth?*<br>– *Cad iad na fadhbanna is cúis le coimhlint?*<br>– *Cad é mar a chríochnaíonn sí? Bagairtí, íde béil/mí-úsáid chorpartha, tost srl.?*<br>– *Cén dóigh ar féidir coimhlint teaghlaigh a réiteach?*<br>• **Réamhaclaíocht:** Déan rud beag réamhaclaíochta leis na cleachtaí seo a leanas. | |
| | **Cleachtaí análaithe** | • Iarr ar na daltaí ionanálú leo tríd an tsrón agus comhaireamh go dtí a 3, an anáil a choinneáil agus comhaireamh go dtí a 3 agus easanálú tríd an bhéal agus comhaireamh go dtí a 9. Déan ionanálú arís agus comhair go dtí a 3 agus méadaigh an t-easanálú go dtí 12, 15 agus 18. Déan arís é agus déan crónán leis an easanálú an babhta seo. |
| | **Síneadh** | • Iarr ar na daltaí dorn a dhéanamh leis na matáin sna lámha a theannadh, an teannas a mhéadú trí na sciatháin, isteach sa bhrollach, sa chabhail, sna cosa agus ansin an teannas a scaoileadh go mall ó mhéara go barraicíní. An aghaidh a theannadh agus strainc a dhéanamh agus ansin an aghaidh a scaoileadh go mall le miongháire leathan agus meánfach a dhéanamh. |
| | **Gothaí aghaidhe** | • Iarr ar na daltaí gothaí aghaidhe a dhéanamh lena chur in iúl go bhfuil siad brónach, sona, buartha, feargach, trína chéile, scanraithe agus sotalach. |
| | **Gotha** | • Iarr ar na daltaí gotha láimhe nó eile a chur leis an ghotha aghaidhe ar nós a bheith feargach le dorn, bagairt nó rabhadh le méar phointeáilte, buartha le lámh leis an bhéal, neamhchiontacht le bosa oscailte, an tolg a chiceáil le tréan feirge, ag stánadh ar fhón faoi iontas srl.<br>• Sín na sciatháin san aer agus gabh ar na barraicíní le síneadh amach chomh fada agus is féidir. Déan arís é mar shíneadh trasnánach, crom síos agus cuir na sciatháin timpeall na nglúnta agus ansin déan an seicheamh arís. |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Straitéisí teagaisc agus foghlama molta

| Céim an Cheachta | Straitéisí teagaisc agus foghlama molta | |
|---|---|---|
| **Lainseáil** (ar lean) | **Cleachtaí gutha** | • Cuir feabhas ar fhuaimniú tríd an scála fuaimnithe B, D, F, H, G, M, N, P, T, W a fhoghlaim. Déan na fuaimeanna arís go hard, go séimh, mar chogar, go feargach, go cúthail srl.<br>• Abair na focail 'Daid', 'Mam', 'daideo', 'gránna', 'clincear', 'pub' srl ar an dóigh chéanna – go séimh, go feargach, go brónach srl. agus cuir gothaí leo cosúil le méar a phointeáil, nó dorn nó lámha oscailte. |
| | **Grúpáil** | • Siúlann na daltaí timpeall an spáis oscailte agus iarrann an múinteoir orthu grúpaí de 4 a dhéanamh. Ní roinnfidh líon na ndaltaí sa rang go cothrom gach uair agus fiafraíonn an múinteoir de na daltaí atá fágtha 'cá mhéad grúpa de cheathrar atá sa rang agus cá mhéad atá fágtha?' Déanann an múinteoir an cleachtadh arís agus arís eile ag úsáid grúpaí de thriúr, seisear srl. |

## Gníomhaíochtaí

### Gníomhaíocht 1: Dealbha Céarach

- Cuir i gcuimhne do na daltaí an chéad líne sa scannán nuair a deir Jack 'Sin mise, Jack.'
- Iarr ar dhalta seasamh i lár an chiorcail mar íomhá shocair nó mar dhealbh chéarach de Jack.
- Úsáid na leideanna seo a leanas:
  - Cén dóigh ar chóir dó a bheith ina sheasamh? (Cruthaigh a staidiúir, a ghotha agus a ghotha gnúise).
  - Cad é atá á chaitheamh aige?
  - Déan cur síos ar a stíl ghruaige.
  - An bhfuil uaireadóir aige?
  - Cad é a d'fhéadfadh a bheith ina phócaí?
- Iarr ar na daltaí sa lár an frása a rá, 'Seo mise, Jack.'
- Déan an cleachtadh arís le daltaí eile i lár an chiorcail. (B'fhéidir go gcinnfeadh daltaí gur carachtar baineann darb ainm Jackie í an carachtar).

© CCEA

## Gníomhaíocht 2: Tableau

- Iarr ar na daltaí a bheith ag obair ina bpéirí. Iarr ar gach péire spás a aimsiú sa tseomra le bheith ag obair ann agus plé a dhéanamh ar na rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coimhlint sa bhaile idir déagóir agus tuismitheoir/tuismitheoirí.

**Leideanna**

Mar shampla:

- *ag teacht abhaile go mall*
- *ag teacht abhaile agus boladh alcóil nó toite air/uirthi*
- *gan a bheith ag ithe*
- *á g(h)léasadh féin go míchuí*
- *an seomra a fhágáil míshlachtmhar*
- *gan a bheith ag obair ar scoil nó a bheith mall don scoil*
- *ag caitheamh barraíocht ama ar an fhón*
- *téacsanna míchuí a sheoladh*
- *ag insint bréag do thuismitheoir*
- *drochtheanga a úsáid.*

- Iarr ar gach péire ceann amháin a roghnú agus tableau dá gcuid féin a chruthú le coimhlint gan aon fhoréigean sa bhaile a chur in iúl. Cuir i gcuimhne do na daltaí nár cheart go mbeadh aon teagmháil fhisiciúil ann agus tableau in úsáid agus nach bhfuil aon ghá le caint, ach ba cheart go mbeadh na daltaí in ann a gcuid smaointe agus mothúchán a chur i bhfriotal má iarrtar orthu.
- Tacaigh leis na daltaí roinnt tableaux éagsúla a chruthú agus iarr ar an rang amharc ar chuid de na tableaux. Ní gá gach tableau a thaispeáint don rang. Ná roghnaigh ach ceann nó dhó a d'fhéadfadh a bheith suimiúil.

## Gníomhaíocht 3: Diancheistiú

Is é aidhm na gníomhaíochta seo faisnéis chúlra a fhorbairt ar charachtar Jack lena húsáid i nGníomhaíocht 4.

- Iarr ar na daltaí filleadh ar an chiorcal. Déan plé ranga a threorú faoi na rudaí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le coimhlint i gcás theaghlach Jack. Ba cheart go gcuideodh na ceisteanna seo le cúlra teaghlaigh de shórt éigin a thógáil do Jack. Is féidir leis an mhúinteoir agus an rang an fhaisnéis atá le cur leis an dráma a chruthú agus cinneadh a dhéanamh uirthi.

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

**Leideanna**

Mar shampla:

- *An páiste aonair é?*
- *Cad chuige a mbíonn a mháthair amuigh go minic?*
- *An bhfuil post ag a mháthair?*
- *Cad chuige a mbíodh a mháthair sa phub bunús a cuid ama?*
- *An bhfuil fadhb ólacháin ag a mháthair?*
- *An bhfuil obair ag a athair?*
- *Cad as a dtagann ioncam an teaghlaigh?*
- *An bhfuil post páirtaimseartha ag Jack?*
- *Cé hiad cairde Jack?*
- *Cad chuige ar cuireadh athair Jack i bpríosún?*
- *An é seo a chéad uair i bpríosún?*
- *Cá fhad a chaithfidh sé i bpríosún?*

- Cuir i gcuimhne don rang an radharc ina bhfuil Jack ag argóint lena mham. Deir sé 'B'in do sheans deireanach, a mham. Bheadh sé chomh maith agat cónaí sa phub. Seanscéal agus meirg air.'
- Roghnaigh dalta amháin le páirt Jack a ghlacadh agus le suí ar chathaoir ag barr an tseomra nó ar chúl. Mura ndearna an rang diancheistiú roimhe seo, glac ról Jack leis an straitéis a shamhaltú agus cuidigh leis an rang struchtúrú a dhéanamh ar cheisteanna oscailte a chuirfidh siad.
- Iarr ar an rang grúpaí de thriúr nó de cheathrar a dhéanamh le ceist shuimiúil a chumadh a chaithfidh Jack a fhreagairt.

**Leideanna**

Seo ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann:

- *Cad é is mó a thaitníonn leat ar scoil?*
- *Cé hiad do chairde?*
- *An miste leat insint dúinn faoi do mham?*
- *Cad chuige a mbíonn tú ag achrann le do mham?*
- *Cad chuige a bhfuil do dhaid i bpríosún?*
- *An miste leat insint dúinn faoi do chuairt dheireanach ar do dhaid i bpríosún?*
- *An miste leat insint dúinn faoi do sheanathair?*

- Déan an ghníomhaíocht arís le daltaí éagsúla agus iad faoi dhiancheistiú i ról Jack.

*Thig leis an mhúinteoir a shocrú cén fhaisnéis a gcaithfidh na daltaí cuimhniú air le cúlra oiriúnach a fhorbairt do Jack.*

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

### Gníomhaíocht 4: Tobchumadóireacht

Iarr ar gach grúpa spás a aimsiú le bheith ag obair ann, agus tobchumadóireacht ghairid a dhéanamh bunaithe ar an fhaisnéis a d'fhorbair siad sa ghníomhaíocht diancheistithe agus ar an téacs ón scannán. Cuir i gcuimhne do na daltaí nach gá dóibh script a scríobh, ach gur cheart dóibh a radharc a struchtúrú le go mbeidh mbeidh tús, forbairt agus deireadh cinnte ann.

- Sa tobchumadóireacht ba chóir:
  - go mbeadh Jack ann mar an príomhcharachtar;
  - go dtabharfaí léargas éigin ar chaidreamh Jack lena theaghlach agus lena chairde; agus
  - go léireofaí an fáth ar shocraigh sé cónaí lena sheanathair.

**Leideanna**

B'fhéidir gur mhaith leat na moltaí seo a úsáid mar leideanna do chuid de na grúpaí:

- *a mham agus a cara ag achrann leis sa bhaile*
- *a mham agus a cara nó fear beáir ag achrann leis sa phub*
- *a chairde ag bualadh lena sheanathair ar scoil nó ar an tsráid*
- *cruinniú tuismitheoirí is múinteoirí*
- *ag tabhairt a chairde ar cuairt ar a sheanathair*
- *a chairde ag fiafraí de/ag magadh faoi faoina mham nó faoina dhaid*
- *a dhaid á ghabháil sa bhaile*
- *ag dul chun na cúirte chuig éisteacht a dhaid*
- *ag dul ar cuairt chuig an phríosún agus ag caint leis an mhaor agus lena dhaid*
- *ag dul chuig an tsiopa agus ag bualadh le comharsa fiosrach*
- *ag dul chuig an dochtúir agus ag bualadh le hoibrí sóisialta.*

- Gluais timpeall an tseomra leis na daltaí a bhreathnú agus iad i mbun oibre. Na tobchumadóireachtaí a léiríonn cur chuige suimiúil, seans go go dtaispeánfaidh tú cuid acu don rang. Tá an t-ábhar agus an próiseas níos tábhachtaí ná an cur i láthair agus ba cheart go mbeadh na daltaí ábalta athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha acu ón tobchumadóireacht.

© CCEA

## Gníomhaíocht 5: Caolsráid coinsiasa

- Iarr ar na daltaí dhá líne dhíreacha a dhéanamh ar aghaidh a chéile amach le caolsráid a dhéanamh (gan níos mó ná daréag daltaí a bheith ann, seisear ar gach taobh).
- Iarr ar dhalta amháin ról Jack a ghlacadh agus iarr ar dhalta eile ról an tseanathar a ghlacadh. Seasann duine acu ag barr líne amháin agus an duine eile an bun na líne eile.
- Iarr ar an chuid eile den rang suí timpeall an spáis mar bhreathnóirí.
- Abair leis an rang go bhfuil Jack ag fágáil an bhaile le dul a chónaí lena sheanathair.
  - *Cad é atá á chaitheamh aige?*
  - *An bhfuil cás nó málaí leis?*
  - *Cad é a thógann sé leis agus cad é atá sé a smaoineamh?*
- Is iad na daltaí a fhoirmíonn a chaolsráid choinsiasa agus labhraíonn siad a smaointe agus é ag siúl go mall i dtreo a sheanathar. Ní féidir le Jack bogadh ar aghaidh síos an chaolsráid go dtí go labhraíonn gach dalta os ard agus go soiléir. Is féidir le Jack mím a dhéanamh ar an doras a dhruidim den uair dheireanach, an eochair a chur ina phóca agus a mhálaí a phiocadh suas.

**Leideanna**

D'fhéadfadh taobh amháin den chaolsráid a bheith ina smaointe dearfacha, mar shampla:

- *'Tá mé ar bís le dul a chónaí le Daideo.'*
- *'Slán le hachrann agus agus le béicíl.'*
- *'Ní bheidh mé uaigneach go deo arís.'*
- *'Is é Daideo mo laoch.'*
- *'Bíonn a theach te i gcónaí.'*
- *'Is breá liom Daideo.'*
- *'Ligeann sé dom amharc ar mo rogha rud ar an teilifís.'*
- *'Tugann Daideo airgead dom le sceallóga a cheannach.'*
- *'Bíonn bia galánta ag Daideo i gcónaí ina theach.'*

D'fhéadfadh smaointe diúltacha a bheith ag an taobh eile den chaolsráid, mar shampla:

- *'Cronóidh mé mo sheomra leapa.'*
- *'An bhfuil an rud ceart á dhéanamh agam?'*
- *'Tá cumha orm.'*
- *'Ba é an teach seo mo bhaile ar feadh 15 bliana.'*
- *'An mbeidh mo Mham ceart go leor léi féin?'*
- *'Ní rachaidh mé ar ais choíche ar cuairt ar mo Dhaid i bpríosún.'*
- *'Ní bhíonn de dhíth ar mo Dhaid ach airgead nó drugaí.'*
- *'Is fuath liom mo Mham agus mo Dhaid.'*
- *'An bhfillfidh mé choíche ar an teach seo?*

© CCEA

- Nuair a shroicheann Jack a sheanathair, b'fhéidir go labhródh sé. Mar shampla: *'Heileo a mhic. An bhfuil ocras ort? 'nó 'Tar isteach, Jack. Tá do sheomra réidh duit.'*
- Fiafraigh de na daltaí a bhí ag breathnú agus ag éisteacht cé acu de na smaointe a thuigeann siad.
- Déan an chaolsráid choinsiasa arís agus úsáid daltaí éagsúla agus smaointe éagsúla.
- Iarr ar na daltaí iontráil dialann bhéil a chruthú do Jack agus ceann de na smaointe a chuala siad nó ceann dá gcuid féin a chur leis. B'fhéidir go dtosódh siad, 'Inniu d'fhág mé an baile le dul a chónaí le mo sheanathair. Bhí ... orm ...'
- Iarr ar chúpla dalta a n-iontrálacha dialann bhéil a roinnt.

## Tuairisciú

- Iarr ar na daltaí cathaoir a aimsiú agus filleadh ar an chiorcal.
- Déan plé ranga a threorú agus nodcheisteanna mar seo in úsáid:
  - *Cad é a d'fhoghlaim tú faoi choimhlint teaghlaigh?*
  - *Cad iad na tosca ba chúis leis an choimhlint i dteach Jack?*
  - *Cad iad na cearta atá ag Jack mar dhuine óg?*
  - *Cé acu de na straitéisí drámaíochta ar éirigh go maith leo? (Dealbha céarach, diancheistiú, tableau, caolsráid coinsiasa agus tobchumadóireacht.)*
  - *An ndearna Jack an rud ceart? (D'fhéadfadh an múinteoir plé gairid a threorú ar chinneadh Jack an baile a fhágáil le dul a chónaí lena sheanathair. Is dócha gur alcólach í a mháthair agus bíonn sé ag achrann léi go minic agus tá a athair i bpríosún agus gan uaidh ach airgead agus drugaí).*
  - *Má bhí cuidiú de dhíth ar Jack ag an am seo, cá bhféadfadh sé dul?*
  - *Cad é mar atá staid mheabhrach Jack ag an am seo?*
  - *Cé atá ábalta cuidiú leis?*

B'fhéidir gur mhaith leat staid mheabhrach Jack a phlé agus ceisteanna a chur ar na daltaí faoin méid eolais atá acu ar ghrúpaí tacaíochta, comhairleoireachta agus faisnéise ar líne agus ar eagraíochtaí cuidithe amhail:

- Na Samáraigh
  www.samaritans.org
- Lifeline
  www.lifelinehelpline.info
- Home Start: Tacaíocht agus Cairdeas do Theaghlaigh
  www.home-start.org.uk
- Young Minds: Ag troid ar son meabhairshláinte daoine óga
  www.youngminds.org.uk

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Ceacht 2: Brú Piarghrúpa

Baineann an ceacht seo leis an phríomhcharachtar sa scannán. Pléann sé le cé chomh furasta agus is féidir a chur ina luí ar dhuine rud a dhéanamh in aghaidh a t(h)ola. Úsáideann an ceacht diancheistiú, léiriú pearsan (rianú smaointe), script méaldráma agus féinuiríoll le cuidiú le daltaí na saincheisteanna seo a thuiscint.

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Réamhfhoghlaim** | Ba chóir go mbeadh réamheolas agus réamhthuiscint ag na daltaí ar na rudaí seo a leanas:<br>• saoránacht ghníomhach;<br>• dlíthiúlacht agus cad is ceartas ann;<br>• cearta an duine agus comhionannas; agus<br>• ról SPTÉ *(PSNI)* agus na Seirbhíse Otharchairr. |
| **Torthaí Foghlama** | Beidh na daltaí ábalta:<br>• a dtuiscint maidir le brú piarghrúpa a phlé;<br>• an fáth a ndéantar cinntí sonracha a chosaint;<br>• cumhacht an áitimh a thuiscint;<br>• labhairt faoi chothroime agus faoi chomhionannas;<br>• smaoineamh ar dhaoine eile agus ceisteanna cuí a chur orthu; agus<br>• úsáid éifeachtach a bhaint as tobchumadóireacht, scríbhneoireacht scripte agus obair chórúil. |
| **Fócas ar Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** | Beidh deiseanna ag na daltaí forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>**Bheith Cruthaitheach**<br>• Tobchumadóireacht a úsáid agus a bheith ag obair sa ról<br>• Caint chórúil a cheapadh agus a úsáid<br>• Téacs nua a chruthú<br>**Ag Obair le Daoine Eile agus Féinbhainistíocht**<br>• Bheith ag obair i bpéirí, i ngrúpaí beaga agus mar rang iomlán<br>• Meas a léiriú ar smaointe agus ar thuairimí daoine eile, a bheith ábalta comhréiteach a dhéanamh agus freagairt go dearfach d'aiseolas<br>**Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht**<br>• Dul i gcion ar dhaoine le fadhbanna a réiteach<br>• Cinntí a dhéanamh agus a chosaint<br>• Cúiseanna cuí a thabhairt maidir le seasamh áirithe a ghlacadh. |
| **Dearcadh agus Meon** | Spreagfar na daltaí le forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>• Oscailteacht i leith smaointe nua<br>• Solúbthacht: a bheith solúbtha le linn cur chuige drámaíochta níos praiticiúla a úsáid<br>• Meas: dearcadh níos comhbháiche agus níos measúla a thaispeáint i leith daoine eile. |
| **Áiseanna** | Spás oscailte sa tseomra ranga, Scannán agus script de 'A Stone's Throw' Script gairid 'Caithfidh tú an Cíos a Íoc' |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Straitéisí teagaisc agus foghlama molta

| Céim an Cheachta | Straitéisí teagaisc agus foghlama molta | |
|---|---|---|
| **Lainseáil** | • Déan tagairt don radharc sa scannán ina ndeir Jack 'Bhí fuath againn ar an taobh eile agus bhí fuath acu orainn, ach bhí fuath againn araon ar na péas, ar otharcharranna agus ar an bhriogáid dóiteáin chomh maith.'*[Eag: níl an téacs mar seo sa scannán]*<br>• Iarr ar na daltaí na táblaí agus na cathaoireacha a bhogadh go dtí na taobhanna agus seasamh i gciorcal le spás a réiteach i lár an tseomra ranga.<br>• Seas sa chiorcal leis na daltaí agus tabhair buneolas faoi théama an cheachta agus faoi na hintinní foghlama.<br>• Déan plé ranga a threorú agus nodcheisteanna mar seo in úsáid:<br>– *Cad is brú piarghrúpa ann?*<br>– *Cén brú is féidir le piaraí a chur ort? Bagairtí? Foréigean?*<br>– *Cén dóigh ar féidir a chur ina luí ar dhuine rud a dhéanamh in aghaidh a thola nó a tola?*<br>– *Cén dóigh ar féidir leat diúltú?*<br>– *Cén dóigh ar féidir leat brú a sheachaint?*<br>– *Cad é is féidir leat a dhéanamh má tá bulaíocht á déanamh ort?*<br>• **Réamhaclaíocht:** Déan rud beag réamhaclaíochta leis na cleachtaí seo a leanas. | |
| | **Cleachtaí análaithe** | • Iarr ar dhaltaí ionanálú le haghaidh comhaireamh 3, an análú a choinneáil le haghaidh comhaireamh 3 agus easanálú le haghaidh comhaireamh 12. Cuir 3 leis an easanálú ar gach athdhéanamh. |
| | **Gluaiseacht** | • Cuireann gach dalta staidiúir reoite orthu féin agus déanann an chuid eile den ghrúpa iarracht aithris a dhéanamh ar an staidiúir.<br>• Cuir bualadh bos ar aghaidh i seicheamh agus méadaigh go bualadh bos dúbailte é. Ansin, bain triail as Maidhm Mheicsiceach.<br>• Imir cluiche de Deir Ó Grádaigh agus daltaí éagsúla ag glaoch amach na n-orduithe go dtí nach mbeidh ach cúpla dalta fágtha sa chluiche. Ba chóir go mbeadh na horduithe an-simplí – 'Deir Ó Grádaigh cuir do lámha ar do cheann, stampáil do chos dheas, léim san aer' srl. |
| | **Cleachtaí gutha** | • Iarr ar na daltaí labhairt go soiléir agus go beacht agus an scála fuaimnithe B, D, F, G, H, M, N, P, T, W. a úsáid. Fuaimnigh na fuaimeanna arís agus arís eile os ard, go feargach, go brónach, go ciúin, go cúthail, go scanrúil, go sona sásta srl.<br>• Iarr ar na daltaí focail ón script a athrá agus úsáid a bhaint as athruithe toin agus gothaí gnúise:<br>• 'Bhí fearg orm'/'Breast gach aon duine'/'Cad chuige?'<br>• Úsáid roisc pheile le labhairt le chéile mar rang iomlán, mar shampla 'San eangach!'/'Ciceáil isteach í!'/'4 Náid, 4 Náid!' | |

© CCEA

## Gníomhaíochtaí

### Gníomhaíocht 1: Diancheistiú

- Roghnaigh dalta amháin le ról Jack a ghlacadh agus iarr ar an chuid eile den rang scaradh ina ngrúpaí de 3 nó 4.
- Iarr ar gach grúpa ceisteanna oscailte a ullmhú le cur ar Jack.
- Ba chóir do gach grúpa dalta amháin a ainmniú le ceist a chur. Ba chóir go mbeadh oiread tagairtí agus is féidir don téacs sna ceisteanna agus is féidir le Jack tagairt a dhéanamh don script le haghaidh freagraí.
- Is féidir le daltaí éagsúla seal a ghlacadh le ról Jack a ghlacadh.

**Leideanna**

Seo thíos roinnt ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann:

- *Cé leis a mbíonn tú ag crochadóireacht thart agus cé hiad do chairde?*
- *An miste leat insint dom faoi do sheanathair?*
- *Cé hiad an grúpa daoine ar an taobh eile den chomhéadan?*
- *Cén cineál 'stuif' a thugann na daoine níos sine ort a dhéanamh?*
- *Cad chuige a bhfuil fuath agat ar na péas, na hinnill dóiteáin agus na hotharcharranna?*
- *Cad chuige a bhfuil oiread feirge ort?*
- *Cad chuige ar ghnách leat a bheith ag achrann le do Mham?*
- *An raibh tú riamh i dtrioblóid leis na péas?*

### Gníomhaíocht 2: Aingeal maith/olc

- Iarr ar na daltaí grúpaí de 3 a dhéanamh agus na róil seo a leanas a shannadh dá chéile:
  - Jack;
  - aingeal maith; agus
  - drochaingeal.
- Tosaíonn an ghníomhaíocht leis na daltaí a bhfuil ról Jack á ghlacadh acu ag tógáil cloiche le caitheamh agus ag rá, 'Bhí fearg orm... bhí mé ag iarraidh a bheith mar chuid den tslua...'
- Seasann an dá aingeal ar gach taobh de Jack agus tugann siad moltaí dó le cuidiú leis cinneadh a dhéanamh.
- Caithfidh Jack cinneadh deiridh a dhéanamh an chloch a ligean uaidh nó í a chaitheamh leis an otharcharr agus a chinneadh a chosaint.

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

**Leideanna**

Ba chóir don dalta atá ag glacadh ról an drochaingil labhairt de ghuth géar, bagrach feargach agus ba chóir go mbeadh gothaí straince dána ar a ghnúis.

***Drochaingeal – moltaí féideartha:***

- *ar aghaidh leat, caith an chloch*
- *is fuath leat na péas agus otharcharranna*
- *is fuath leat gach duine in éide*
- *is iad do namhaid iad*
- *smaoinigh ar do Mham*
- *smaoinigh ar do Dhaid*
- *caith an chloch chomh crua agus is féidir leat.*

Ba chóir don dalta atá ag glacadh ról an aingil mhaith labhairt de ghuth bog, séimh comhbhách agus gotha gnúise buartha impíoch air.

***Aingeal maith – moltaí féideartha:***

- *lig uait an chloch Jack*
- *d'fhéadfá duine a ghortú*
- *tá cuidiú de dhíth ar do Mham*
- *smaoinigh ar do dhaideo*
- *bí láidir, a Jack; ná lig do dhuine ar bith bulaíocht a dhéanamh ort*
- *níl na péas ach ag iarraidh cuidiú le daoine agus an tsíocháin a choinneáil*
- *sábhálann otharcharranna beatha daoine.*

## Gníomhaíocht 3: Méaldráma

- Tabhair buneolas faoi sheánra drámaíochta an mhéaldráma do na daltaí. *Is dráma gairid é méaldráma ina bhfuil carachtair shimplí, steiréitíopáilte agus script áibhéalach atá deartha le glór, gothaí agus gothaí gnúise a úsáid chun dul i gcion go láidir ar na mothúcháin.*
- Tabhair cóip den script ocht líne thíos do gach dalta le trí charachtar – íospartach, bithiúnach agus laoch.
- Iarr ar na daltaí grúpaí de thriúr nó de cheathrar a dhéanamh.
- Tabhair 5 bhomaite do na daltaí daoine a roghnú do na páirteanna agus an script a thaibhiú ina ngrúpaí.
- *I ngrúpaí de cheathrar, is féidir leis an cheathrú dalta a bheith ina leathchúpla do cheann amháin de na páirteanna nó ról an stiúrthóra a ghlacadh.*

**Bithiúnach:** (De ghuth ard feargach) Caithfidh tú an cíos a íoc!
**Íospartach:** (Ag impí) Ní thig liom an cíos a íoc.
**Bithiúnach:** (Níos airde, le gotha) CAITHFIDH tú an cíos a íoc!
**Íospartach:** (Ag caoineadh, ar a ghlúine) Ní thig liom an cíos a íoc.
**Bithiúnach:** (Go bagrach ionsaitheach) Ansin caithfidh mé amach sa tsneachta reoite thú.
**Laoch:** (Ag teacht ar an láthair go tobann, guth sona) Íocfaidh mise an cíos!
**Íospartach:** (Go gealgháireach) Mo laoch!
**Bithiúnach:** (In ísle brí) Mo léan!

© CCEA

- Iarr ar na grúpaí stopadh agus déan plé ranga a threorú le nodcheisteanna mar seo a leanas in úsáid:
  - *Cén chuma a bheadh ar na carachtair?*
  - *Cén cineál éadaigh a bheadh orthu?*
  - *Cad é mar a bhogfadh siad, a labhródh siad agus a d'fhreagródh siad don script?*
  - *Cé a d'fhéadfadh a bheith mar laoch? Comharsa, leannán, cara nó gaol?*
  - *Cén dóigh ar féidir bulaíocht a dhéanamh ar dhaoine?*
  - *Cén dóigh ar féidir cuidiú leo?*
- Abair leis na daltaí go bhfuil siad lena radharc féin a thobchumadh anois i stíl chomhaimseartha le Jack mar an t-íospartach. Ní gá dóibh an script a scríobh leis an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích.
- Tá trí charachtar fós ann: Jack, bithiúnach agus laoch. Iarr ar gach grúpa cinneadh cé a ghlacfaidh an ról mar an bithiúnach agus an ról mar an laoch ina radharc. *B'fhéidir gur piaraí nó déagóir níos sine an bithiúnach agus b'fhéidir gur múinteoir, cara nó a sheanathair an laoch.*
- Tabhair cúpla bomaite do na grúpaí a gcuid radharc tobchumadóireachta a thaibhiú. Iarr ar chuid de na grúpaí aisteoireacht a úsáid lena script tobchumadóireachta a léiriú agus plé a dhéanamh go hachomair ar an dóigh ar réitíodh an choimhlint.

**Leideanna**

B'fhéidir gur mhaith leat na smaointe seo a leanas a mholadh le cuidiú leis na grúpaí:

- *is déagóir níos sine é an bithiúnach; agus*
- *is dalta eile/múinteoir/airíoch é an laoch.*

Mar shampla:

***Déagóir Níos Sine:*** *'Tabhair dom do ghuthán!'*

***Jack:*** *'Ní thabharfaidh! Le do thoil! Ná déan!'*

***Déagóir Níos Sine:*** *'Ansin inseoidh mé do gach duine faoi do Mham agus faoin méid atá ar bun aici.'*

***Airíoch:*** *'Pioc ar dhuine éigin chomh mór leat féin!'*

## Gníomhaíocht 4: Féinuiríoll

- Iarr ar na daltaí spás a aimsiú leo féin sa tseomra agus ról Jack a ghlacadh.
- Cuir i gcuimhne dóibh an radharc ina mbuaileann cloch Jack taobh an otharchairr.
- Iarr ar gach dalta a smaointe a labhairt go ciúin agus ról Jack á ghlacadh acu.

**Leideanna**

*Seo roinnt smaointe a d'fhéadfadh a bheith ann:*

- *'Cad chuige a ndearna mé sin?'*
- *'D'fhéadfainn duine éigin a ghortú.'*
- *'An duine den tslua anois mé? '*
- *'An laoch cróga mé?'*
- *'An bhfuil níos mó measa ag mo chairde orm anois?'*

© CCEA

## Tuairisciú

- Iarr ar na daltaí cathaoir a aimsiú agus filleadh ar an chiorcal.
- Éascaigh plé ar a bhfuil foghlamtha acu agus na nodcheisteanna seo a leanas in úsáid agat:
  - *An ndearna Jack na cinntí cearta?*
  - *An mbeadh sé difriúil do Jack faoi thosca difriúla/ag am difriúil?*
  - *Cá mhéad de thionchar a bhí ag cairde Jack air?*
  - *Ar chuir a chairde ina luí air an chloch a chaitheamh?*
  - *An bhfuil sé cóir an locht a chur ar Jack as an rud a rinne sé?*
  - *An bhfuil Jack mar chuid den tslua lena chairde anois?*
  - *Cad é ba cheart do Jack a dhéanamh anois?*
  - *An bhfuil cuidiú speisialtóra de dhíth air?*
  - *Cé a d'fhéadfadh cuidiú le Jack?*
  - *Cad é a thuigeann tú anois faoi bhrú piarghrúpa?*
- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad ar an eolas faoi eagraíochtaí éagsúla a thugann cuidiú, comhairle agus tacaíocht do dhaoine óga a ndéantar bulaíocht orthu le rud a dhéanamh nach bhfuil siad ag iarraidh a dhéanamh.

Seo thíos eagraíochtaí den tsórt sin:

- Áiseanna agus tacaíocht frithbhulaíochta
  www.ditchthelabel.org
- Cuidiú agus comhairle maidir le bulaíocht
  www.youngminds.org.uk
- Bulaíocht sna scoileanna
  www.turn2me.org
- Bulaíocht a chosc i scoileanna
  www.kidpower.org/schools
- SupportLine
  www.supportline.org.uk/problems

**Tasc obair bhaile/sínteach féideartha**

Iarr ar na daltaí taighde gairid a dhéanamh ar an obair a dhéanann paraimhíochaineoirí, na péas, oibrithe sóisialta agus oibrithe óige don chéad cheacht eile.

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Ceacht 3: Iarmhairtí

Pléann an ceacht seo leis an dóigh ar tháinig iarmhairtí an-dáiríre as meancóg amháin a rinne Jack. Pléann sé le ciontacht agus le haiféala agus úsáideann sé amharclannaíocht fóraim, léiriú pearsan (rianú smaointe) agus tobchumadóireacht le cuidiú le daltaí impleachtaí a ngníomhartha a thuiscint.

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Réamhfhoghlaim** | Ba chóir go mbeadh réamheolas agus réamhthuiscint ag na daltaí ar na rudaí seo a leanas:<br>• saoránacht ghníomhach;<br>• dlíthiúlacht agus an córas dlí;<br>• institiúidí d'ógchiontóirí;<br>• an ról atá ag oibrithe sóisialta, oibrithe óige, na péas agus paraimhíochaineoirí; agus<br>• cearta sibhialta, cearta an duine agus cearta daoine óga. |
| **Torthaí Foghlama** | Beidh daltaí ábalta:<br>• tuiscint a fháil ar an dóigh ar féidir le bheith san áit mhícheart ag an am mhícheart dul i bhfeidhm go mór ar an chuid eile de do shaol;<br>• tuiscint a fháil ar na hiarmhairtí as an dlí a shárú;<br>• tuiscint a fháil ar an ról atá ag na péas, paraimhíochaineoirí, oibrithe sóisialta agus oibrithe óige;<br>• úsáid éifeachtach a bhaint as amharclannaíocht fóraim agus tobchumadóireacht; agus<br>• labhairt faoi dhaoine eile agus ceisteanna cuí a chur orthu. |
| **Fócas ar Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** | Beidh deiseanna ag na daltaí forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>**Bainistiú Faisnéise**<br>• Taighde a dhéanamh ar an ról atá ag oibrí sóisialta, póilín, oibrí óige agus paraimhíochaineoir<br>**Bheith Cruthaitheach**<br>• Amharclannaíocht fóraim a úsáid<br>• Ról a ghlacadh agus a choinneáil ag dul, agus léiriú pearsan agus tobchumadóireacht a úsáid<br>**Ag Obair le Daoine Eile agus Féinbhainistíocht**<br>• Bheith ag obair i ngrúpaí le tobchumadóireachtaí a cheapadh<br>• Ról a ghlacadh, ról a athrú agus ról a choinneáil ag dul<br>**Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht**<br>• Cinntí a dhéanamh sa ról agus cinntí a chosaint as an ról<br>• Dearcadh daoine eile a phlé le cúiseanna cuí agus a bheith ag éisteacht le dearcadh daoine eile. |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

C3

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Dearcadh agus Meon** | Spreagfar na daltaí le forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>• Oscailteacht i leith smaointe nua<br>• Solúbthacht: a bheith solúbtha le linn cur chuige drámaíochta níos praiticiúla a úsáid<br>• Meas: dearcadh níos comhbháiche agus níos measúla a thaispeáint. |
| **Áiseanna** | Scannán agus script de 'A Stone's Throw', Físcheamara, iPad nó ceamara fóin |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Straitéisí teagaisc agus foghlama molta

| Céim an Cheachta | Straitéisí teagaisc agus foghlama molta | |
|---|---|---|
| **Lainseáil** | • Déan tagairt do na línte sa scannán ina ndeir Jack 'Faoi choinne mo Dhaideo a bhí an t-otharcharr ag dul. *[Eag: Ní fheicim na línte seo sa script]* Stop muid é … Mise a stop é. Bheadh seans aige. Cuireadh chuig Ionad d'Ógchiontóirí mé.'<br>• Iarr ar na daltaí táblaí agus cathaoireacha a bhogadh ó lár an tseomra le spás mór a chruthú le bheith ag obair ar bhealach níos praiticiúla.<br>• Seas sa chiorcal leis na daltaí agus tabhair buneolas faoin cheacht agus faoi chuspóirí an cheachta do na daltaí.<br>• Mínigh amharclannaíocht fóraim do na daltaí agus an sainmhíniú atá curtha ar fáil in úsáid agat.<br>• Iarr ar na daltaí an obair atá ag oibrí sóisialta, oibrí óige, póilín agus paraimhíochaineoir a mhíniú go hachomair.<br>• **Réamhaclaíocht:** Déan rud beag réamhaclaíochta leis na cleachtaí seo a leanas. | |
| | **Cleachtaí análaithe** | • Déan cleachtaí análaithe simplí leis an rang le fuinneamh a ghiniúint. Ionanálaigh le haghaidh comhaireamh 4, coinnigh an anáil le haghaidh comhaireamh 4 agus easanálaigh go mall le haghaidh comhaireamh 10.<br>• Déan an cleachtadh arís agus druid do shúile agus bí ag crónán agus tú ag easanálú. |
| | **Gluaiseacht** | • Cas na lámha i gciorcal ó chaol na lámh ar dheis agus ar chlé – cas i gciorcal ó na huillinneacha agus ó na guaillí. Rothlaigh an ceann go mall ar dheis agus ansin ar chlé. Rothlaigh uachtar an choirp ón choim ar dheis agus ar chlé.<br>• Cas gach cos i gciorcal ón rúitín ar dheis agus ar chlé, cas i gciorcal ón ghlúin ar dheis agus ar chlé agus ansin ón leis ar dheis agus ar chlé. Déan arís é do gach cos.<br>• Is féidir na cleachtaí seo a dhéanamh le ceol agus iarrtar ar dhalta na cleachtaí a threorú don chéad cheacht eile. |
| | **Gothaí gnúise** | • Iarr ar na daltaí staidiúir agus gotha gnúise cuid acu seo a leanas a ghlacadh. Iarr orthu bogadh le linn comhaireamh 3 agus ansin an gníomh a reo:<br>– *bobaide i mbun lámhchleasaíochta*<br>– *réalta rac-cheoil ag seinm aerghiotáir*<br>– *rinceoir bailé ag umhlú don lucht féachana*<br>– *póilín ag stiúradh trách ta*<br>– *paraimhíochaineoir ag tabhairt suathaireacht croí*<br>– *déagóir feargach ag caitheamh bríce*<br>– *altra ag tabhairt instealladh*<br>– *tuismitheoir ag brú pram srl.* |
| | **Cleachtaí gutha** | • Déanann daltaí fuaimniú a fheabhsú trí rabhlóga a athrá, mar shampla Red Leather, Yellow Leather nó Peter Piper Picked a Peck of Pickled Peppers.<br>• Déanann na daltaí grúpaí de réir dhath a gcuid súl (gorm, donn, glas, eile) nó dhath a gcuid gruaige (dubh, donn, rua, fionn, eile). |

© CCEA

## Gníomhaíochtaí

### Gníomhaíocht 1: Amharclannaíocht fóraim

- Déan tagairt don radharc sa scannán ina dtógann Jack cloch le caitheamh leis an otharcharr. Inis do na daltaí go bhfuil an bomaite sin sa ghníomh reoite agus anois go ndéanfaidh siadsan an radharc a athchruthú.
- Tabhair róil do gach dalta sa rang leis an radharc seo a athchruthú.
- Cuir na carachtair ar fad timpeall an tseomra ranga le suíomh an otharchairr a athchruthú ar an bhóthar agus tithe ar an dá thaobh.
- Seo a leanas róil a d'fhéadfadh a bheith ag daltaí:
  - *paraimhíochaineoirí*
  - *tiománaí otharchairr*
  - *Jack*
  - *Lára*
  - *Ant*
  - *déagóirí eile le Jack*
  - *déagóirí níos sine ag breathnú ar an eachtra*
  - *grúpa daoine óga ón taobh eile den chomhéadan*
  - *Al Mór*
  - *oibrí/oibrithe sóisialta*
  - *oibrí/oibrithe óige*
  - *comharsana ag a dtithe*
  - *seanathair Jack.*
- Déan tagairt don smaoineamh 'doirse sleamhnáin', i.e. an dóigh ar féidir le rudaí athrú go suntasach faoi thosca ar leith agus cuir an cheist 'Cuir i gcás?' Mar shampla:
  - *Cuir i gcás nár chaith Jack an chloch?*
  - *Cuir i gcás go ndeachaigh Jack ar cuairt chuig a sheanathair in áit bualadh lena chairde?*
  - *Cuir i gcás nár thit sé amach lena mham?*
- Abair leis na daltaí cuimhneamh ar a gcarachtair agus a suíomhanna, mar go bhfillfidh siad orthu níos moille sa cheacht.

© CCEA

## Gníomhaíocht 2: Próifíl charachtair don cheamara

- Aimsíonn na daltaí spás sa tseomra le bheith ag obair leo féin.
- Iarr orthu cúlra a chumadh dá gcarachtar, mar shampla ainm, aois, stádas agus fíric spéisiúil, mar shampla caitheamh aimsire nó caidreamh.
- Ansin, ba chóir dóibh roinnt sonraí breise a chur leis, mar shampla cá gcónaíonn siad agus roinnt fíricí a chur leis fúthu féin.

**Leideanna**

Mar shampla:

– *Is é duine de na comharsana Sorcha Uí Néill, 46, is é a lá breithe an 1ú Aibreán. Tá sí colscartha le 2 leanbh agus 1 ghariníon. Oibríonn sí sa cheaintín sa bhunscoil áitiúil.*

– *Is é an paraimhíochaineoir Gearóid Ó Doibhlin, 25, agus tá sé ina chónaí lena pháirtí Máire atá ina haltra. Is í an dornálaíocht an caitheamh aimsire atá aige agus maraíodh a athair i dtimpiste sa mhonarcha ina raibh sé ag obair.*

- Iarr ar gach carachtar blag tobchumadóireachta gairid a rá leis an cheamara. *Is féidir é seo a dhéanamh go simplí i bpéirí le ham a shábháil seachas don rang iomlán ina nduine. Níl scileanna taibhithe tábhachtach.*
- Iarr ar na carachtair ar fad, agus iad sa ról, smaoineamh ar a gcuid smaointe anois díreach agus roghnaigh cúpla dalta lena gcuid smaointe féin a rá os ard.

Mar shampla:

– *Paraimhíochaineoir: 'Caithfidh muid fáil a fhad leis an fhear seo a bhfuil an taom croí air.'*
– *Buachaill níos sine: 'Caith an chloch leis an otharcharr, a chladhaire.'*
– *Comharsa: 'Éirigh as anois nó glaofaidh mise ar na péas.'*
– *Jack: 'Ar cheart dom an chloch a chaitheamh? Breast gach aon rud.'*
– *Oibrí sóisialta: 'Ná déan é Jack. Beidh aiféala ort.'*
– *Seanathair: 'Beidh an t-otharcharr anseo gan mhoill, thig liom é a chloisteáil.'*

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

### Gníomhaíocht 3: Tobchumadóireacht

- Abair leis na daltaí go mbeidh plé á dhéanamh acu ar cad is iarmhairtí ann agus ar an dóigh a bhféadfadh rudaí a bheith difriúil ón méid a tharlaíonn sa script.
- Iarr ar na daltaí spás a aimsiú agus a bheith ag obair i ngrúpaí de 3–5.
- Iarr ar gach grúpa tobchumadóireacht ghairid a cheapadh, a athraíonn toradh an scannáin ón phointe seo sa script.

**Leideanna**

Seo roinnt leideanna le tobchumadóireacht a cheapadh:

- *Tagann grúpa comharsan trasna an bhóthair agus cuireann siad ina luí ar Jack an chloch a chur síos agus siúl ar shiúl agus na buachaillí níos sine ag magadh faoi.*
- *Tagann na paraimhíochaineoirí amach as an otharcharr agus impíonn siad ar na déagóirí ligean dóibh dul fhad le fear a bhfuil taom croí air sa chéad sráid eile. Tuigeann Jack gurb é a sheanathair é.*
- *Aithníonn an t-oibrí sóisialta Jack agus a chairde agus cuireann ciall ann.*
- *Cuireann oibrí óige agus Al Mór ina luí ar na déagóirí ligean don otharcharr bogadh ar aghaidh.*
- *Téann Jack leis an otharcharr go teach a sheanathar in am lena bheatha a shábháil.*

- Éascaigh plé leis na daltaí maidir leis an dóigh a bhféadfaí toradh an scannáin a athrú.
- Iarr ar na daltaí filleadh ar a suíomhanna amharclannaíochta fóraim agus an léiriú pearsan a athdhéanamh do gach carachtar, i.e. smaoineamh mar a smaoinigh siad ag an phointe seo agus roghnaigh cúpla dalta lena gcuid smaointe a rá os ard.

Mar shampla:

- *Paraimhíochaineoir: 'Tá an fear a bhfuil an taom croí air ag dul a fháil bháis.'*
- *Comharsa: 'D'fhéadfá duine a mharú.'*
- *Oibrí sóisialta: 'Beidh aiféala ort faoi seo an chuid eile de do shaol.'*
- *Buachaill níos sine: 'Ceann maith, tá siad ag imeacht anois. Bhain muid.'*
- *Seanathair: 'Cá bhfuil an t-otharcharr sin? Tá mé ag fáil bháis.'*

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

### Gníomhaíocht 4: Tobchumadóireachtaí le spléachadh ar aghaidh

- Déanann na daltaí grúpaí de 3–5.
- Iarr ar na daltaí tobchumadóireachtaí le spléachadh ar aghaidh a cheapadh faoi na rudaí a d'fhéadfadh tarlú agus faoi na rudaí a tharla i ndáiríre.

**Leideanna**

Seo thíos moltaí áirithe maidir leis an tobchumadóireacht:

*Rudaí a d'fhéadfadh tarlú:*

- *Jack agus a Mham ar cuairt ar an tseanathair san ospidéal an lá dar gcionn agus é ag teacht chuige féin óna thaom croí*
- *na paraimhíochaineoirí ar ais ag a mbunáit ag comhrá lena gcomhghleacaithe faoi na rudaí a d'fhéadfadh tarlú*
- *an t-oibrí sóisialta ag bualadh le Jack agus lena mháthair lena chás a mheas*
- *Jack agus a mháthair ag cruinniú tuismitheoirí is múinteoirí ar scoil*
- *na péas ag glacadh faisnéise ó chomharsana faoi na rudaí a tharla don otharcharr*
- *comharsana ag bualadh le Mam Jack agus ag insint di faoin dóigh ar stop siad Jack ag caitheamh cloiche leis an otharcharr.*

Nó

*An méid a tharla:*

- *na péas ag teacht go teach Jack agus á ghabháil*
- *Jack á cheistiú ag an stáisiún póilíní agus á chur i gcillín*
- *cás cúirte Jack agus é á sheoladh chuig an Ionad d'Ógchiontóirí go ceann sé mhí*
- *Jack ag teacht chuig an Ionad d'Ógchiontóirí agus á ghlasáil ina sheomra*
- *an t-oibrí óige ag cur cairde nua in aithne do Jack ag club óige nua agus ag múscailt a spéise i gcaitheamh aimsire nua.*

### Gníomhaíocht 5: Amharclannaíocht Fóraim

- Iarr ar na daltaí filleadh uair amháin eile ar a suíomhanna amharclannaíochta fóraim agus ar an chás ó thús an cheachta.
- Anois, i ndiaidh deis a bheith acu na hiarmhairtí féideartha agus na cásanna a tharla a mheas, iarrtar ar na carachtair smaoineamh a labhairt a léiríonn an dóigh a mothaíonn siad anois ag an am seo.
- Ba chóir go mbeadh an smaoineamh níos géarchúisí an t-am seo agus ba cheart go léireodh sé an rud ba *mhaith leo tarlú.*

Mar shampla:

- *Jack: 'Is mór an trua gur throid mé le mo Mham arís inniu. Ba chóir dom mo leithscéal a ghabháil léi.'*
- *Paraimhíochaineoir: 'Is breá liom mo phost ach níor cheart go mbeadh sé seo ag tarlú.'*
- *Tiománaí: 'Caithfidh na daoine óga seo bogadh. B'fhéidir go dtiocfadh leis na comharsana labhairt leo.'*

© CCEA

- *Comharsa: 'Aithním Jack Sloan. Tá aithne agam ar a mháthair. Ba cheart dom labhairt leis.*
- *Comharsa: 'Labhróidh mé leis an oibrí óige. Tá aithne aige ar na daoine óga seo agus thiocfadh leis iad a mhealladh le dul ar ais chuig an chlub.'*
- *Laura: 'Is breá liom Jack go mór. Níor chóir dó a bheith ag déanamh rudaí mar seo.'*
- *Buachaill níos sine: 'Bhí mé mar sin nuair a bhí mé in aois s'aige agus amharc orm anois.'*
- *Al Mór: 'Caithfidh an buachaill sin an chloch a ligean uaidh. Labhróidh mise leis.'*

## Tuairisciú

- Iarr ar na daltaí cathaoir a aimsiú agus filleadh ar an chiorcal.
- Déan plé ranga a threorú agus nodcheisteanna mar seo in úsáid:
  - *An dtuigeann tú cén fáth a gcaitheann Jack an chloch?*
  - *Cad é a tharlódh mura gcaithfeadh sé an chloch?*
  - *Cad iad na hiarmhairtí do Jack nuair a bhriseann sé an dlí?*
  - *Cén ról atá ag na péas, paraimhíochaineoirí, oibrithe sóisialta agus oibrithe óige sa chás seo?*
  - *Cén dóigh a bhféadfadh a mhalairt de thoradh a bheith ann do Jack?*
  - *Cé a d'fhéadfadh toradh an cháis a athrú do Jack?*
  - *An bhfuil Jack ciontach i mbás a sheanathar?*
  - *Cén fheidhm atá ag an Ionad d'Ógchiontóirí?*
- Fiafraigh de na daltaí an bhfuil siad ar an eolas faoi eagraíochtaí ar bith a d'fhéadfadh cuidiú le Jack:
  - roimh an eachtra; agus
  - i ndiaidh na heachtra.

Seo thíos eagraíochtaí den tsórt sin:

- NICCY – Coimisinéir Thuaisceart Éireann um Leanaí agus Daoine Óga
  www.niccy.org
  info@niccy.org
  Teil: (028) 9031 1616
- Step Together
  www.step-together.org.uk
  enquiry@step-together.org.uk
- YouthAction
  www.youthaction.org
  Teil: (028) 9024 0551
- LawStuff – Cearta leanaí agus daoine óga
  lawstuff.org.uk

© CCEA

## Ceacht 4: Meabhairshláinte Jack

Pléann an ceacht seo lena bheith scoite amach, faoi ghlas agus i d'aonar le do chuid smaointe, agus an éifeacht a d'fhéadfadh sé a imirt ar do staid mheabhrach. Cruthaíonn sé cás tubaisteach do Jack agus é san lonad d'Ógchiontóirí agus cuidíonn sé le daltaí tuiscint a fháil ar an dóigh a bhféadfadh a bheith faoi ghlas dul i bhfeidhm ar dhuine. Baineann an ceacht úsáid as caint chórúil agus tobchumadóireachtaí leis na saincheisteanna seo a fhiosrú.

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Réamhfhoghlaim** | Ba chóir go mbeadh réamheolas agus réamhthuiscint ag na daltaí ar na rudaí seo a leanas:<br>• saoránacht ghníomhach;<br>• an córas dlíthiúil do dhaoine óga;<br>• an córas d'ógchiontóirí;<br>• cearta an duine do dhaoine óga; agus<br>• saincheisteanna meabhairshláinte le daoine óga. |
| **Torthaí Foghlama** | Beidh na daltaí ábalta:<br>• tuiscint a fháil ar cad leis a bhfuil sé cosúil má bhíonn tú faoi ghlas;<br>• saincheisteanna meabhairshláinte a phlé;<br>• cothroime agus an córas dlí a chosaint;<br>• labhairt faoi dhaoine eile agus ceisteanna cuí a chur orthu; agus<br>• úsáid éifeachtach a bhaint as dinimic bhriathartha, caint chórúil agus tobchumadóireachtaí le spléachadh siar agus le spléachadh ar aghaidh. |
| **Fócas ar Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** | Beidh deiseanna ag na daltaí forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>**Bainistiú Faisnéise**<br>• Taighde a dhéanamh ar shaincheisteanna meabhairshláinte daoine óga<br>**Bheith Cruthaitheach**<br>• Dinimic bhriathartha agus caint chórúil a úsáid<br>• Tobchumadóireacht le spléachadh siar agus le spléachadh ar aghaidh a úsáid<br>**Ag Obair le Daoine Eile agus Féinbhainistíocht**<br>• Bheith ag obair leis an rang iomlán agus i ngrúpaí<br>• Bheith ag obair leo féin agus féinuiríoll a chruthú<br>**Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht**<br>• Cinntí a dhéanamh faoi script a úsáid ar bhealaí éagsúla agus róil a fhorbairt<br>• Dearcadh daoine eile a phlé le cúiseanna cuí agus bheith ag éisteacht le dearcadh daoine eile. |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

C4

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Dearcadh agus Meon** | Spreagfar na daltaí leis na rudaí seo a leanas a fhorbairt:<br>• Oscailteacht i leith smaointe nua<br>• Solúbthacht: a bheith solúbtha le linn cur chuige drámaíochta níos praiticiúla a úsáid<br>• Meas: dearcadh níos comhbháiche agus níos measúla a thaispeáint i leith daoine eile. |
| **Áiseanna** | Scannán agus script de 'A Stone's Throw<br>Ceol le haghaidh réamhaclaíochta<br>Uirlisí ceoil cosúil le druma, triantán, bloc adhmaid nó cloigíní<br>D'fhéadfadh soilsiú, meaisín deataigh agus maisc a bheith san áireamh chomh maith |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Straitéisí teagaisc agus foghlama molta

| Céim an Cheachta | Straitéisí teagaisc agus foghlama molta | |
|---|---|---|
| **Lainseáil** | • Déan tagairt do na línte 'Cuireadh chuig Ionad d'Ógchiontóirí mé. *[Eag: Ní thig liom teacht ar na línte seo sa script]* Fuair mé amach ar mo bhreithlá 16 bliana.'*[Eag: Ní thig liom teacht ar na línte seo sa script]*<br>• Iarr ar na daltaí na táblaí agus na cathaoireacha a bhogadh chuig na taobhanna agus seasamh i gciorcal le spás a réiteach i lár an tseomra ranga.<br>• Tabhair buneolas do na daltaí faoi théama an cheachta agus mínigh go hachomair dinimic bhriathartha, tobchumadóireachtaí le spléachadh ar aghaidh agus le spléachadh siar.<br>• Fiafraigh de na daltaí cad atá ar eolas acu faoi shaincheisteanna meabhairshláinte a théann i bhfeidhm ar dhaoine óga.<br>• **Réamhaclaíocht:** Déan rud beag réamhaclaíochta leis na cleachtaí seo a leanas. | |
| | **Cleachtaí análaithe** | • Déan cleachtaí análaithe simplí leis an rang le fuinneamh a ghiniúint. Ionanálaigh le haghaidh comhaireamh 4, coinnigh an anáil le haghaidh comhaireamh 4 agus easanálaigh go mall le haghaidh comhaireamh 10.<br>• Déan an cleachtadh arís agus druid do shúile agus bí ag crónán agus tú ag easanálú. |
| | **Gluaiseacht** | • Iarr ar na daltaí roinnt cleachtaí gluaiseachta a dhéanamh. D'fhéadfadh daltaí ar iarradh orthu seicheamh gairid a ullmhú do cheol a bheith i gceannas orthu seo.<br>• Iarr ar na daltaí síntí trasnánacha a dhéanamh ar dheis agus ar chlé agus ansin raon gluaiseachtaí éagsúla a chruthú atá á bhfeabhsú ag gothaí gnúise cuí, mar shampla gluaiseachtaí réidh bailé, gluaiseachtaí géara uilleacha nó gluaiseachtaí ionsaitheacha feargacha ollmhóra. |
| | **Dinimic bhriathartha** | • Iarr ar na daltaí smaoineamh ar fhocail eile le haghaidh 'caith', mar shampla rad, teilg, scaoil, nó lainseáil agus cuir gluaiseacht dhifriúil le gach focal.<br>• Iarr ar na daltaí éifeacht macalla a chruthú le focail. Tosaigh focal os ard agus déan é a mhaolú go mall go cogar de réir mar a dhéanann gach dalta an focal a athrá ar a seal. Is féidir gluaiseachtaí maidhm Mheicsiceach a chur leis ar mhaithe le héifeacht níos mó.<br>• Déan na daltaí a threorú agus iad ag canadh 'Lá Breithe Sona' faoi mhallghluaiseacht, mar róbat, mar chailleach, mar rí, mar chogar domhain, mar ghnúsacht, os ard, go feargach, go séimh srl. | |

© CCEA

## Gníomhaíochtaí

### Gníomhaíocht 1: Cás tromluí – caint chórúil ag úsáid dinimic bhriathartha

- Inis do na daltaí go bhfuil siad le 'cás tromluí' a chruthú do Jack. Tá sé san Ionad d'Ógchiontóirí agus tá sé faoi ghlas ina sheomra.
- Déan plé a threorú faoin dóigh a mbeadh sé seo do Jack. Úsáid nodcheisteanna mar:
  - *Cad é mar a bheadh sé agus tú faoi ghlas i seomra gach oíche?*
  - *Cad é mar a mhothófá?*
  - *Cad iad na smaointe a bheadh agat?*
  - *Cad é mar a bheadh sé a bheith mar Jack ag an am seo?*
  - *Cad é atá ina cheann?*
- Cuidigh leis na daltaí a gcuid smaointe a bhailiú agus iad a shocrú i seicheamh agus smeach-chairt nó clár bán in úsáid le smaointe a thaifeadadh.
- Inis do na daltaí go bhfuil siad le tobchumadóireacht ghutha a chruthú agus focail nó frásaí go díreach ón script nó rud a rith leo ón script in úsáid acu.
- Spreag na daltaí airde, luas, ton, fuaim agus atonadh a gcuid guthanna a athrú le bheith chomh cruthaitheach agus is mian leo agus iad ag labhairt agus maisíochtaí fuaime gutha agus uirlise agus gluaiseacht a chur leis chun an cur i láthair a dhéanamh ina thromluí drámatúil. Is féidir leo soilsiú, deatach nó cruthanna móra ábhair a chur leis má tá siad ar fáil.
- Roghnaigh cé acu de na smaointe córúla is fearr a oibríonn do na daltaí agus comhordaigh seicheamh cuí lena gcur i láthair. D'fhéadfá druma, bloc adhmaid nó uirlis cheoil eile a úsáid leis an tseicheamh a uainiú agus leis an tseicheamh a nascadh le chéile nó b'fhéidir gur mhaith leat béim a chur ar an tseicheamh le ceol cuí eile faoi choinne tromluí, atá le fáil ar YouTube. Mar shampla:
  - 'Music for Nightmares' le Bill Schaeffer
  - 'Nightmare Music' le Cryo Chamber
  - 'The Dream Catcher' le Brainwave Power Music.
- B'fhéidir gur mhaith leis na daltaí spás iomlán an tseomra ranga agus leibhéil éagsúla a úsáid. Ba chóir go mbeadh Jack suite go lárnach.
- Is féidir le daltaí éagsúla ról Jack a ghlacadh ag amanna éagsúla agus é a spreagadh le freagairt do dhinimic na hoibre córúla agus gluaiseacht, guth agus gothaí gnúise in úsáid aige.
- Ní gá an script tobchumadóireachta a scríobh ach é a shocrú i seicheamh ó leideanna ar féidir leis na daltaí cuimhneamh orthu, mar shampla gotha láimhe a úsáid nó ag díriú méire ar an chuid ábhartha ar an smeach-chairt. *Tagann an fhoghlaim ó na daltaí ag cruthú agus ag roinnt na mbunsmaointe agus níl scileanna taibhithe tábhachtach.*

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

**Leideanna**

Beidh an rang iomlán páirteach sa ghníomhaíocht seo agus is féidir leo seicheamh téacs agus gluaiseachta dar fad ar bith a chur le chéile a bheidh oiriúnach don am atá ar fáil agus do na smaointe a mhol na daltaí.

Seo thíos smaointe a d'fhéadfadh a bheith ann:

- *Scarann na daltaí ina ngrúpaí agus téann i mbun crónáin – gach grúpa ar leibhéal difriúil ó íseal go hard. Téann na grúpaí ag sní timpeall an tseomra ar stíl an chonga de réir mar a chlúdaíonn Jack a cheann sa lár agus ansin scairteann sé 'Stop!' nuair a chinneann sé agus déantar an crónán arís.*
- *Cruthaíonn grúpa amháin daltaí buille croí agus fuaim gutha 'bh-búm' nó uirlis cheoil ar nós druma nó bloc adhmaid in úsáid acu. Glacann na grúpaí eile frása i rithim an bhuille croí ar nós 'Ná bí ag gol', 'Go príosún leis' nó 'Ag cur allais le heagla' agus labhraíonn gach grúpa an frása ag tosú le cogar agus téann timpeall ar Jack i gciorcal agus an ton ag éirí níos airde go dtí go screadann sé 'Éirigh as!'*
- *Glacann gach dalta ról duine de na carachtair ón script scannáin agus roghnaíonn siad frása le labhairt os ard de ghlór neamhghnách nó aisteach. Mar shampla:*
  - *aturnae sotalach: 'Is é seo a chéad chion, a thiarna breithimh.'*
  - *oibrí sóisialta séimh: 'Tagann sé ó theaghlach briste.'*
  - *comharsa fonóideach: 'Drochbhuachaill a bhí ann i gcónaí.'*
  - *comharsa gránna: 'Tá do Mham ina potaire.'*
  - *póilín ardghlórach: 'Cuir na dornaisc air.'*
  - *cara ag caoineadh: 'Lig dó a bhulaí.'*
  - *déagóir ag gáire: 'Tá a bhfaigheann sé tuillte aige.'*
  - *Mam ar meisce: 'Ní mac liomsa tú.'*
  - *paraimhíochaineoir géar: 'Chaith tú an chloch.'*
  - *tiománaí feargach: 'Stop tú m'otharcharr.'*
  - *Seanathair trína chéile: 'Cad é a rinne tú Jack?'*
- *'D'fhéadfadh siad blas a úsáid, an fhuaim a fhadú, cogar a dhéanamh, mallghluaiseacht a úsáid nó airde, luas, ton, fuaim nó atonadh a athrú le go mbeadh sé mar a bheadh mar chuid de thromluí Jack ann. Tosaíonn gach dalta ó shuíomh 'reo', labhraíonn i stíl roghnaithe le gotha agus le gotha gnúise cuí agus filleann sé ar an tsuíomh 'reoigh'.*
- *Ní labhraíonn ach grúpa amháin ag an am na frásaí agus déanann na grúpaí eile fuaimeanna cúlra, mar shampla déanann daltaí i ngrúpa amháin crónán, gach duine ar nóta difriúil, agus bogann siad a sciatháin i ngluaisne ar nós toinne.*

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

### Gníomhaíocht 2: Tobchumadóireachtaí le spléachadh siar agus le spléachadh ar aghaidh

- Scar na daltaí sa rang ina dhá ghrúpa.
- Inis do na daltaí go bhfuil siad le tobchumadóireacht a cheapadh mar chuid de thromluí Jack.
- Iarr ar ghrúpa amháin tobchumadóireacht le spléachadh siar a cheapadh agus ar ghrúpa amháin tobchumadóireacht le spléachadh ar aghaidh a cheapadh.
- *Is féidir le gach tobchumadóireacht tosú mar réaltacht agus éirí chomh teibí agus chomh haisteach agus is féidir leis na daltaí a shamhlú. Cuir i gcuimhne do na daltaí gur cuid de thromluí Jack iad seo.*
- I ndiaidh don dá ghrúpa a gcuid tobchumadóireachtaí a thaibhiú, ba chóir go bhfillfeadh an radharc ar Jack agus é ina aonar ina sheomra ag an lonad d'Ógchiontóirí.

**Leideanna**

*Seo thíos samplaí den tobchumadóireacht le spléachadh siar agus le spléachadh ar aghaidh.*

- **Grúpa 1 – Tobchumadóireacht le spléachadh siar**
  - *Tá an radharc suite i seomra cúirte agus roghnaítear na daltaí mar bhreitheamh, báille, abhcóidí ionchúisimh agus cosanta, finnéithe, mar shampla comharsana, paraimhíochaineoir, póilíní, chomh maith le Jack, cairde Jack agus giúiré a d'fhéadfadh maisc a chaitheamh.*
  - *Tosaíonn an tobchumadóireacht nuair a ghlaonn an báille, 'Bíodh gach duine ina sheasamh don Bhreitheamh Onórach Saoránachta!' agus siúlann na daltaí eile go gasta isteach ina n-áiteanna le seomra cúirte a chruthú ag úsáid táblaí agus cathaoireacha cuí.*
  - *Deir an breitheamh, 'Jack Saoránach, tá curtha i do leith gur dhúnmharaigh tú do sheanathair. Cad é mar a phléadálann tú?' Agus scairteann gach duine amach 'Ciontach'.*
  - *Leanann an breitheamh leis, 'A Chúisitheoirí, glaoigh bhur gcéad fhinné'*
  - *Is féidir leis an ghiúiré labhairt mar chór, 'Ardaigh do lámh dheas. An mionnaíonn tú go n-inseoidh tú an fhírinne...'*
  - *Glaoitear paraimhíochaineoir agus fiafraítear go hachomair de cad é a tharla agus díríonn sé a mhéar ar Jack agus tugann dúnmharfóir air.*
  - *Is féidir ansin póilín agus comharsa a ghlaoch a dhéanfaidh áibhéil faoin eachtra, mar shampla bríce a thabhairt ar an chloch nó bithiúnach a thabhairt air.*
  - *Ar son an chosantóra, is féidir máthair, athair agus cara Jack a ghlaoch agus is féidir leo freagairt ar an dóigh chéanna, ag rá nach raibh grá riamh aige dá sheanathair nó nár thug sé cuairt riamh air, go mbíodh sé i gcónaí i dtrioblóid sa bhaile agus ar scoil srl.*
  - *Ansin, iarrtar a mbreith ar an ghiúiré agus labhraíonn gach duine mar chór 'Ciontach!'*
  - *Gearrann an breitheamh príosúnacht saoil air agus iarrann sé go gcaitear an eochair ar shiúl agus déanann gach duine gáire mailíseach.*

© CCEA

- **Grúpa 2 – Tobchumadóireacht le spléachadh ar aghaidh**
  - *Tá na tobchumadóireachtaí seo bunaithe ar dheireadh na scripte, a thagraíonn do Jack ag dul chuig cluiche peile. Deir sé, 'Is eiseamláir mé do na daoine eile atá ag teacht aníos atá díreach cosúil liom.' [Eag: Ní mar seo atá sé sa script]*

Tugtar páirteanna do na daltaí i roinnt tobchumadóireachtaí gearra ar nós na gceann seo a leanas:

- **Ag an Chluiche Cheannais Peile**
  - *Roghnaíonn na daltaí foirne cuí le bheith sa chluiche ceannais.*
  - *Tosaíonn an tobchumadóireacht nuair a deir trách taire, 'Fáilte go Páirc an Chrócaigh do Chluiche Ceannais Peile na hÉireann.'*
  - *Ceapann na daltaí cantaireacht agus glacann a n-áit sa tseastán agus an cúl éirice deiridh á scóráil ag Jack.*
  - *Méadaíonn an trách taire an fionraí agus plódaíonn daoine thart ar Jack nuair a bhuann an réalta peile is óige riamh Jack Saoránach an cluiche dá fhoireann.*

- **Comórtas Amhránaíochta na hÉireann**
  - *Tosaíonn an tobchumadóireacht nuair a chuireann an fógróir fáilte roimh 'bhuaiteoir na bliana seo i gComórtas Amhránaíochta na hÉireann – Jack Saoránach.'*
  - *D'fhéadfadh sé a bheith ina amhránaí atá ábalta mím a dhéanamh le píosa gearr d'amhrán nó ina fhear grinn atá ábalta scéal grinn a insint, agus bualadh bos ollmhór ó na daltaí eile ina dhiaidh sin agus a chairde ag plódú thart air ar an stáitse.*

- **Curadh Snúcair an Domhain**
  - *Iarrann an trách taire ar gach duine a bheith ciúin agus an dubh á chur sa phóca ag an chraobhiomaitheoir, Jack Saoránach, agus é mar an Curadh Snúcair Domhanda is óige riamh.*
  - *Ansin, cuirtear agallamh ar Jack agus é ag glacadh leis an trófaí agus tugann óráid ghearr.*
  - *Gabhann sé buíochas lena mham, a dhaid agus a sheanathair atá anois ina chuideachta agus gártha molta as na daltaí eile, mar lucht leanúna, agus a ainm á chanadh acu.*
  - *De réir mar a leantar den chantaireacht, labhraítear ansin í i mallghluaiseacht agus an radharc ag filleadh ar Jack leis féin ina sheomra ag an lonad d'Ógchiontóirí agus an maor ag greadadh go trom ar a dhoras agus é ag béiceadh 'Bí i do Shuí!*

© CCEA

## Tuairisciú

- Iarr ar na daltaí cathaoir a aimsiú agus filleadh ar an chiorcal.
- Déan plé ranga a threorú agus nodcheisteanna mar seo in úsáid:
  - *An dtuigeann tú, dar leat, níos mó faoin dóigh a bhfuil sé a bheith faoi ghlas gach oíche ar feadh tréimhse fhada ama?*
  - *Cén éifeacht is féidir a bheith ar d'intinn má bhíonn tú faoi ghlas?*
  - *Cén dóigh a dtiocfá slán as a bheith faoi ghlas?*
  - *An bhfuil an córas dlí cothrom do dhaoine óga?*
  - *An raibh sé ceart Jack a chur faoi ghlas ar feadh sé mhí?*
  - *Cén éifeacht a bhí ar Jack as a bheith faoi ghlas?*
  - *Ar chuidigh dinimic bhriathartha, caint chórúil agus tobchumadóireacht leat tuiscint níos fearr a fháil ar na saincheisteanna a pléadh?*
- B'fhéidir gur mhaith leat eagraíochtaí éagsúla a phlé a thugann cuidiú, comhairle agus tacaíocht do dhaoine óga nuair atá siad uaigneach, gan dídean nó má tá fadhbanna meabhairshláinte acu.

Seo thíos eagraíochtaí den tsórt sin:

- SupportLine – Uaigneas
  www.supportline.org.uk
- Imní – Daoine Óga
  youngminds.org.uk
- Simon Community – Gan dídean i dTuaisceart Éireann
  www.simoncommunity.org
- Daoine Óga gan dídean
  www.centrepoint.org.uk
- Seirbhísí do dhaoine óga
  www.changegrowlive.org/services

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Ceacht 5: Turas Jack

Pléann an ceacht seo leis na tionchair shóisialta agus theaghlaigh i saol Jack agus ar an dóigh ar féidir le teagmhas ar leith nó bualadh le duine trí sheans cor a chur ina shaol ar bhealach diúltach nó dearfach. Úsáidtear agallaimh agus drámaíocht ar stíl chlár faisnéise leis na saincheisteanna a fhiosrú agus na buaicphointí i saol Jack a léiriú.

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Réamhfhoghlaim** | Ba chóir go mbeadh réamheolas agus réamhthuiscint ag na daltaí ar na rudaí seo a leanas:<br>• saoránacht ghníomhach;<br>• an córas dlíthiúil i dTuaisceart Éireann agus dlíthiúlacht;<br>• ceartas sóisialta agus cearta an duine do dhaoine óga; agus<br>• ionaid d'ógchiontóirí agus tacaíocht do dhaoine óga. |
| **Torthaí Foghlama** | Beidh na daltaí ábalta:<br>• plé a dhéanamh ar cheartas sóisialta agus dlíthiúil do dhaoine óga;<br>• tuiscint a fháil ar na príomhghnéithe a bhaineann le hionad d'ógchiontóirí agus na deacrachtaí agus na dúshláin a bhaineann le hiarracht a dhéanamh filleadh ar an tsochaí i ndiaidh a bheith faoi ghlas ar feadh sé mhí;<br>• tuiscint a fháil ar na dúshláin a bhaineann le do chuid fíorchairde a aithint;<br>• tuiscint a fháil ar bhualadh le daoine óga ón 'taobh eile';<br>• ceisteanna cuí a chur agus a fhreagairt mar agallóir meán agus mar charachtar;<br>• úsáid a bhaint as teicníc agallaimh, tobchumadóireachtaí le spléachadh siar agus féinuiríoll; agus<br>• muinín a fhorbairt maidir le scileanna láithreoireachta agus ceamara a úsáid. |
| **Fócas ar Scileanna Smaointeoireachta agus Ábaltachtaí Pearsanta** | Beidh deiseanna ag na daltaí forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>**Bheith Cruthaitheach**<br>• Teicníc agallaimh, tobchumadóireacht le spléachadh siar agus féinuiríoll a úsáid go héifeachtach<br>• Rólghlacadh marthanach a fhorbairt<br>**Ag Obair le Daoine Eile agus Féinbhainistíocht**<br>• Bheith ag obair leo féin, i bpéirí agus i ngrúpaí<br>• Meas a léiriú ar dhearcadh agus ar thuairimí daoine eile<br>• Taighde éifeachtach a dhéanamh ar cheisteanna agus ar fhreagraí cuí sa ról<br>**Smaointeoireacht, Fadhbréiteach agus Cinnteoireacht**<br>• Cinntí a dhéanamh agus a chosaint maidir le huainithe, topaicí agus ceistiú cuí<br>• A bheith in ann tuairimí pearsanta a phlé. |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

C5

| Pleanáil | |
|---|---|
| **Dearcadh agus Meon** | Spreagfar na daltaí le forbairt a dhéanamh ar na rudaí seo a leanas:<br>• Oscailteacht i leith smaointe nua<br>• Solúbthacht: a bheith solúbtha le linn cur chuige drámaíochta níos praiticiúla a úsáid<br>• Meas: dearcadh níos comhbháiche agus níos measúla a thaispeáint i leith daoine eile. |
| **Áiseanna** | Spás oscailte sa tseomra ranga Scannán agus script de 'A Stone's Throw'<br>Ceamara agus micreafón |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Straitéisí teagaisc agus foghlama molta

| Céim an Cheachta | Straitéisí teagaisc agus foghlama molta | |
|---|---|---|
| **Lainseáil** | • Déan plé gairid ar an scannán 'A Stone's Throw', ag tagairt do phríomheachtraí agus buaicphointí an scéil.<br>• Iarr ar na daltaí na táblaí agus na cathaoireacha a bhogadh chuig na taobhanna agus seasamh i gciorcal le spás a réiteach i lár an tseomra ranga.<br>• Tabhair buneolas faoi théama an cheachta agus mínigh drámaíocht ar stíl chlár faisnéise. Inis do na daltaí go mbeidh clár gairid ar shaol Jack á chur i láthair acu ag deireadh an cheachta.<br>• Inis do na daltaí go nglacfaidh siad róil mar agallóirí meán, Jack, a theaghlach, a chairde agus go leor de na daoine ar bhuail sé leo ina shaol.<br>• Cuir béim ar an tábhacht a bhaineann le dea-urlabhraíocht agus soiléireacht agus iad ag labhairt agus ar ghnéithe na dea-iriseoireachta agus na rudaí a dhéanann clár maith teilifíse.<br>• **Réamhaclaíocht:** Déan rud beag réamhaclaíochta leis na cleachtaí seo a leanas. | |
| | **Cleachtaí análaithe** | • Iarr ar na daltaí ionanálú tríd an tsrón le haghaidh comhaireamh 3, an anáil a choinneáil le haghaidh comhaireamh 3 agus easanálú go mall tríd an bhéal le haghaidh comhaireamh 12.<br>• Déan an cleachtadh arís agus an t-easanálú a mhéadú go 25. |
| | **Gluaiseacht** | • Ag an chéim seo de na ceachtanna, ba chóir go mbeadh na daltaí in ann na cleachtaí réamhaclaíochta a theorú le síntí agus staidiúirí agus b'fhéidir seicheamh rithime a leathnaítear agus a fhorbraítear le gach ceacht. |
| | **Cleachtaí gutha** | • Úsáid an scála urlabhraíochta le soiléireacht agus dea-urlabhraíocht na ndaltaí a fheabhsú agus B, D, F, H, G, M, N, P, T, W á rá os ard, go séimh, go feargach, go machnamhach, go cúthail srl. acu.<br>• Úsáid na cleachtaí guta le fuaim, teilgean agus athshondas a nguthanna a fheabhsú agus Zer, Zay, Zee, Zi, Zah, Zoh, Zoo, Zaw, Zow á n-athrá acu.<br>• Cleachtadh tosaigh: iarr ar na daltaí an dalta atá ar a dtaobh clé a chur in aithne go foirmiúil agus tugann an grúpa bualadh bos. Is féidir leo ainm iarbhír an dalta a úsáid nó ainm a chumadh agus gairm chumtha a chur leis, mar shampla 'A dhaoine uaisle, cuirigí fáilte mhór roimh Mháire de Brún atá ina ceansaitheoir leon.'<br>• Ansin, bogann na daltaí timpeall an spáis agus cuireann siad iad féin in aithne don oiread daoine agus is féidir agus a n-ainm agus a ngairm á n-úsáid.<br>• Nuair a fhilleann siad ar an chiorcal, déanann siad iarracht cuimhneamh ar an oiread de na gairmeacha agus is féidir. |

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

## Gníomhaíochtaí

### Gníomhaíocht 1: Réamhbhlaiseadh scannáin agus frámaí reoite agus guthú in úsáid

- Iarr ar na daltaí cúig ghrúpa de 5/6 dhalta a dhéanamh.
- Iarr orthu réamhbhlaiseadh a mhairfidh bomaite amháin a cheapadh le haghaidh gnéscannán lánfhada de 'A Stone's Throw'.
- Ba chóir dóibh guthú a úsáid i stíl, guth agus blas cuí. Tá gach grúpa freagrach as fráma reoite amháin agus frámaí reoite insinte cuí.
- B'fhéidir gur mhaith leo chomh maith ceol cúlra nó maisíochtaí fuaime a chur san áireamh.
- Spreag na daltaí le plé a dhéanamh ar theanga áibhéalach, ghráifeach agus ar ghreann áibhéalach, gáifeach b'fhéidir. Is féidir leo blasanna a úsáid agus an scannán a shuí i gcathair i dtír eile agus dátaí oscailte agus aisteoirí a d'fhéadfadh a bheith mar phríomhaisteoirí sa scannán a chur san áireamh, mar shampla Harry Styles mar Jack agus Jimmy Nesbitt mar Al Mór.

**Leideanna**

Réamhbhlaiseadh samplach:

- *'Seo scéal urghnách faoi bhuachaill atá amuigh ar an imeall. Bhí Jack ina leanbh aonair ach bhí saol deacair aige le máthair a bhí ina halcólach'*
  - **Fráma reoite 1:** Máthair Jack agus a cairde ar meisce sa phub agus Jack ag amharc. *'agus a athair ina mhangaire drugaí a chríochnaíonn i bpríosún.'*
  - **Fráma reoite 2:** Athair Jack á ghabháil le drugaí agus Jack ag amharc. *'Bhí sé uaigneach faoi choinne Jack agus é ar an tsráid ach bhí sé ag iarraidh a bheith 'mar chuid den tslua'. Ag caitheamh na bríce sin isteach ar ghaothscáth an otharchairr ba é sin ábhar a mhórtais agus lár a aimhleasa.'*
  - **Fráma reoite 3:** Jack sa tsráid leis an drong ar tí an chloch a chaitheamh agus comharsana, paraimhíochaineoirí srl. i láthair. *'Bhí an t-otharcharr ar a bhealach chuig a sheanathair a fuair bás de thaom croí. Gabhadh Jack'*
  - **Fráma reoite 4:** Jack á thógáil óna theach ag na péas. *'agus gearradh 6 mhí air in Ionad d'Ógchiontóirí. D'fhág Jack an príosún mar dhuine difriúil, feargach agus é leis féin. Chodail sé ar na sráideanna … ach bhuail sé le duine trí sheans a chuir cor ina shaol. Ba é Al Mór a shlánaitheoir'*
  - **Fráma reoite 5:** Jack agus miongháire air ag imirt púil le cairde agus Al Mór ag amharc. *'Ag teacht chuig pictiúrlanna in aice leat. Príomhaisteoirí … mar Jack agus … mar Al Mór.'*

© CCEA

# Saoránacht Ghníomhach a Léiriú trí Dhrámaíocht

## A Stone's Throw

### Gníomhaíocht 2: Clár faisnéise

- Tabhair cuid de shaol Jack do gach ceann de na cúig ghrúpa lena chur i láthair don rang mar chlár faisnéise teilifíse. Is féidir na cúig chuid dá shaol a roinnt mar seo a leanas:

1. **Luath-óige**
   - leanbh aonair ina chónaí le máthair ar alcólach í agus athair ar mangaire drugaí é agus é ina chónaí lena sheanathair
   - agallaimh le comharsana srl.

2. **Saol mar dhéagóir**
   - ar na sráideanna lena chairde agus ag caitheamh na cloiche a stop an t-otharcharr
   - agallaimh le paraimhíochaineoirí, cairde, oibrí sóisialta srl.

3. **Ionad d'Ógchiontóirí**
   - á dhaoradh agus ag dul chuig an Ionad d'Ógchiontóirí
   - agallaimh le haturnae, póilíní, maoir srl.

4. **Á scaoileadh saor**
   - á scaoileadh saor as an Ionad agus an saol ar na sráideanna
   - agallaimh le gníomhaireachtaí, oibrithe sóisialta, cairde srl.

5. **Saol Jack amach anseo**
   - Al Mór, teaghlach nua, ag clárú le clár agus é ina eiseamláir
   - agallaimh le Al Mór, déagóirí eile, tuismitheoirí nua agus Jack.

- Agus iad ina ngrúpaí iarr ar na daltaí daoine a roghnú do na carachtair atá de dhíth agus sraith ceisteanna, freagraí agus insint nasctha a ullmhú, a d'fhéadfadh a bheith leis an láithreoir nó le Jack féin.
- Iarr ar na grúpaí ceisteanna cuí a roghnú le taifeadadh le haghaidh seicheamh 2 bhomaite.
- Is féidir le daltaí ó ghrúpaí eile an ceamara a úsáid le taifeadadh a dhéanamh.

**Féach Aguisín 1 le haghaidh script samplach. Tabhair faoi deara go gcuirtear é seo ar fáil mar threoir do mhúinteoirí agus ní le húsáid ag na daltaí.**

© CCEA

## Tuairisciú

- Iarr ar na daltaí cathaoir a aimsiú agus filleadh ar an chiorcal.
- Déan plé ranga a threorú agus nodcheisteanna mar seo in úsáid:
  - *An dtuigeann tú, dar leat, níos mó faoin dóigh a gcaithfidh sé a bheith má bhíonn tú faoi ghlas ar feadh sé mhí agus iarracht a dhéanamh bualadh le daoine agus gnáthshaol a chaitheamh nuair a thagann tú amach?*
  - *Cad iad na himpleachtaí a bhaineann le taifead coiriúil a bheith agat?*
  - *Cén éifeacht is féidir a bheith ar d'intinn má bhíonn tú faoi ghlas?*
  - *Cad iad na deacrachtaí agus na dúshláin a bhaineann le dul i dtaithí ar dhálaí sóisialta i ndiaidh a bheith faoi ghlas ar feadh tréimhse ama?*
  - *Cad iad na cáilíochtaí atá ag fíorchairde?*
  - *Cén ról atá ag oibrí óige agus cad iad na cláir atá ann do dhaoine óga?*
  - *Ar mhothaigh tú muiníneach as ról a ghlacadh agus ceisteanna a chur agus a fhreagairt?*
  - *Cad é a d'fhoghlaim tú faoi dhrámaíocht ar stíl chlár faisnéise agus faoi cheamara a úsáid le taifeadadh?*
- B'fhéidir gur mhaith leat eagraíochtaí éagsúla a phlé a thugann cuidiú, comhairle agus tacaíocht do dhaoine óga, mar shampla nuair atá siad uaigneach, gan dídean, má tá fadhbanna meabhairshláinte acu nó más mian leo cuidiú le dul ar chláir oiliúna.

Seo thíos eagraíochtaí den tsórt sin:

- SupportLine – Uaigneas
  www.supportline.org.uk
- Imní – Daoine Óga
  youngminds.org.uk
- Simon Community – Gan dídean i dTuaisceart Éireann
  www.simoncommunity.org
- Daoine Óga gan dídean
  www.centrepoint.org.uk
- Seirbhísí do dhaoine óga
  www.changegrowlive.org/services
- Youth Action – Oiliúint
  www.youthaction.org
- Youth Link NI – Cláir oiliúna
  www.youthlink.org.uk
- An tÚdarás Oideachais – Cláir oiliúna i dTuaisceart Éireann
  www.eani.org.uk

© CCEA

# Aguisín 1

## Gníomhaíocht 2: Clár faisnéise

**Rannán faisnéise samplach**

**Grúpa 1: Luath-óige Jack**

- D'fhéadfadh an t-agallóir tosú taobh amuigh den teach ina mbíodh Jack ina chónaí agus é ina leanbh.
- B'fhéidir go dtabharfadh an t-agallóir roinnt faisnéise faoi Jack, cén uair a rugadh é, cá ndeachaigh sé ar scoil srl.

*'Tá mé i mo sheasamh taobh amuigh den teach ina mbíodh cónaí ar Jack. Mar sin, cén cineál tógála a fuair sé? Tá cuid dá chomharsana ina gcónaí anseo fós.'*

**Agallóir:** *'Mar sin cén cineál linbh a bhí ann?'*

**Comharsa 1:** *'Bhuel, le bheith ionraic cuilceach ceart a bhí ann, i gcónaí i dtrioblóid agus ag dul do dhiabhlaíocht éigin.Mar a bhíonn páistí de ghnáth i ndáiríre.'*

**Agallóir:** *'Cén sórt duine a bhí ina mháthair?'*

**Comharsa 2:** *'Duine breá a bhí inti i ndáiríre go dtí gur chaill sí a post agus gur thosaigh sí ag ól go trom agus ansin thosaigh an t-achrann ar fad agus bhí sé uafásach faoi choinne Jack.'*

**Agallóir:** *'Cén sórt duine a bhí ina athair?'*

**Comharsa 3:** *'Duine gan dóigh. Ní dhearna sé lá oibre ina shaol. I gcónaí ag iarraidh airgid ó dhaoine sa phub. Ansin chuaigh sé le drugaí. An príosún an áit is fearr dó. Tá Jack níos fearr as gan é.'*

**Agallóir:** *'Mar sin, cén sórt duine a bhí in Jack ar scoil – bhuail mé le duine dá iarmhúinteoirí ar an mheánscoil.'*

**Agallóir:** *'Mar sin, cén sórt duine a bhí in Jack ar scoil ?'*

**Múinteoir:** *'Gasúr cliste a bhí ann agus d'fhéadfadh sé déanamh go maith ar scoil. Bhí dúil aige san eolaíocht agus san ealaín ach chaill sé spéis go luath agus thit sé isteach le droch-chomhluadar. Ba ghnách leis teacht mall ar scoil, laethanta a chailleadh agus thosaigh sé ag tarraingt trioblóide air féin.'*

Críochnaíonn an t-agallóir le roinnt ceisteanna breise agus é/í ag amharc ar an cheamara:
*Mar sin, sin agaibh an scéal ar fad. Teaghlach mífheidhmiúil! Máthair ar alcólach í agus achrann buan agus athair ar mangaire drugaí é agus é anois i bpríosún. Cé a bhféadfadh Jack dul ina mhuinín? Cad é a d'éireodh dó? Cad é a bhí i ndán dó? Shocraigh sé dul a chónaí lena sheanathair. Fear a raibh ardmheas aige air, a bhí mar laoch aige ach cén cineál duine a bheadh in Jack feasta?'*

© CCEA